Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2026/930

21.5.2026

**CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 49/2026**

**an 6 Feabhra 2026**

**lena leasaítear Iarscríbhinn XIII (Iompar) a ghabhann le Comhaontú LEE [2026/930]**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2117 ón gCoimisiún an 12 Deireadh Fómhair 2023 lena leagtar síos na rialacha is gá agus ceanglais mhionsonraithe chun stór lárnach faisnéise a fheidhmiú agus a bhainistiú de bhun Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Ba cheart Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an méid seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 66zbl (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1109 ón gCoimisiún) d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Comhaontú LEE:

'66zbm. **32023 R 2117**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2117 ón gCoimisiún an 12 Deireadh Fómhair 2023 lena leagtar síos na rialacha is gá agus ceanglais mhionsonraithe chun stór lárnach faisnéise a fheidhmiú agus a bhainistiú de bhun Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, IO L, 2023/2117, 13.10.2023.

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, tá forálacha an Rialacháin oiriúnaithe mar a leanas:

(a) In Airteagail 2(2)(a), 4(3), 7, 9(3) agus 15(2), cuirfear na focail "nó, de réir mar a bheidh, Údarás Faireacháin CSTE" isteach i ndiaidh an fhocail "Coimisiún".

(b) In Airteagal 14(2), cuirfear na focail ", Údarás Faireacháin CSTE' isteach i ndiaidh na bhfocal 'údaráis inniúla náisiúnta".'

*Airteagal 2*

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2117 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 7 Feabhra 2026, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile dá bhforáiltear faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha (*).

([1]) IO L, 2023/2117, 13.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/2117/oj.
(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 6 Feabhra 2026.

*Thar ceann Chomhchoiste an LEE*

*An tUachtarán*

Nicolas VON LINGEN